

PLEAN OIDHREACHTA CHONTAE AN LONGFOIRT 2019 - 2024

INA GCUIMSÍTEAR PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA UM BITHÉAGSÚLACHT AN LONGFOIRT

*Plean straitéiseach chun oidhreacht Chontae
an Longfoirt a chosaint agus a fheabhsú,
arna ullmhú ag
Fóram Oidhreachta Chontae an Longfoirt*

MÁRTA 2020



CLÁR ÁBHAR

RÉAMHRÁ	3
OIDHREACTH AN LONGFOIRT	3
AIDHM PHLEAN OIDHREACHTA CHONTAE AN LONGFOIRT	4
ÉACHTAÍ PHLEAN OIDHREACHTA CHONTAE AN LONGFOIRT 2004-2009	4
ULLMHÚ PHLEAN OIDHREACHTA CHONTAE AN LONGFOIRT 2019-2024	5
CUR I BHFEIDHM	6
CUSPÓIRÍ AN PHLEAN OIDHREACHTA CONTAE	7
Gníomhartha faoi Chuspóir 1	7
Gníomhartha faoi Chuspóir 2	8
Gníomhartha faoi Chuspóir 3	9
Gníomhartha faoi Chuspóir 4	9
Gníomhartha faoi Chuspóir 5	10
Gníomhartha faoi Chuspóir 6	10
PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA UM BITHÉAGSÚLACHT	
Gníomhartha faoi Chuspóir 1 de PGBL	12
Gníomhartha faoi Chuspóir 2 de PGBL	12
Gníomhartha faoi Chuspóir 3 de PGBL	13
Gníomhartha faoi Chuspóir 4 de PGBL	13
Gníomhartha faoi Chuspóir 5 de PGBL	14
Gníomhartha faoi Chuspóir 6 de PGBL	14
Gníomhartha faoi Chuspóir 7 de PGBL	14
AGUISÍNÍ	15
Aguisín I – Fóram Oidhreachta 2019	16
Aguisín II – Tástáil i leith Measúnú Oiriúnachta	17
Aguisín III – Comhairliúchán Poiblí	17
Aguisín IV – Gluais Téarmaí	18

RÉAMHRÁ

OIDHREACHT AN LONGFOIRT

Tá oidhreacht shaibhir i gContae an Longfoirt atá fite fuaite leis an traidisiún tuaithe. Tá suíomhanna sa chontae a mbaineann tábhacht mhiotaseolaíoch, stairiúil, seandálaíochta, ailtireachta, shóisialta agus thionsclaíoch leo, a léiríonn stair agus oidhreacht chultúrtha na hÉireann. Láthair thábhachtach d'imeachtaí é an Longfort i miotaseolaíocht na hÉireann, ar nós *An Táin Bó Cuailinge* agus *Tochmairc Éitíne*, (Mealladh of Étain ag Midir). Thit roinnt imeachtaí tábhachtacha i stair na hÉireann amach sa chontae, Cath Bhéal Átha na Muc ina measc, cath deireanach mór Éirí Amach 1798. Tá baint ag an Longfort leis an nGinearál Seán Mac Eoin, príomhphearsa i gCogadh na Saoirse in Éirinn, chomh maith le Kitty Kiernan, fiancée an Ghinearáil Mhichíl Uí Choileáin.

Tá saibhreas oidhreacht ailtireachta agus seandálaíochta sa Longfort, ón tréimhse réamhstairiúil go dtí an 20ú haois. I measc roinnt de na séadchomharthaí is tábhachtaí is féidir a fheiceáil, tá an tuama ursanach ag Achadh na Cloiche; liosanna; galláin; bóithre adhmaid nó *tóchair*, cosúil leo siúd atá ag Ionad Cuairteoirí Chonair na Coirre Léithe, agus na créfoirt líneacha atá i gClai na Muice Duibhe i dtuaisceart an Longfoirt.

Tá iarsmaí ár n-oidhreachta eaglasta greanta ar ár dtírdhreach freisin i bhfoirm fothraigh shéipéil agus mhainistreach, reiligí, cosáin oilithreach agus toibreacha beannaithe.

Tá go leor suíomhanna tábhachtacha d'oidhreacht thógtha i gContae an Longfoirt. Tá go leor suíomhanna stairiúla caisleáin ann, agus is é an caisleán is iontaí an caisleán móta agus bábhúin Normannach atá ar an bhfoirgneamh is suntasaí i nGránard. I measc na dtithe tábhachtacha tuaithe laistigh den chontae, tá Mainéar Chaisleán Foirbis agus Mainéar Charraig Glas a bhaineann le Thomas Langlois Lefroy, paramour le Jane Austen, agus an t-ailtire Éireannach James Gandon. Tá baint ag an Longfort ach go háirithe le hArd-Eaglais Naomh Mél, foirgneamh fíor-álainn Nuachlasaiceach a athchóiríodh go hálainn i ndiaidh tine a rinne scrios mór. Is féidir teacht ar shuíomhanna éagsúla tionsclaíoch freisin laistigh den chontae, muilte, droichid, iarnróid, anuas ar roinnt clubanna agus cumainn ghníomhacha feithiclí seanré san áireamh.

Tá ceangal dlúth idir Contae an Longfoirt agus roinnt scríbhneoirí agus eolaithe tábhachtacha. Áirítear leo seo scríbhneoir agus aistritheoir Gaeilge, Charlotte Brooke; an ceapadóir agus an t-eolaí Richard Lovell Edgeworth agus a iníon, an scríbhneoir agus an t-oideachasóir Maria Edgeworth; an drámadóir agus an file Oliver Goldsmith; an file agus an t-oideachasóir John Keegan "Leo" Casey; an scríbhneoir, ball bunaidh Amharclann na Mainistreach agus an léachtóir Pádraic Colum, i measc daoine eile.

Tá acmhainn thábhachtach d'oidhreacht nádúrtha sa chontae, atá suite laistigh de thírdhreach caolchúiseach agus ilchineálach. I measc na bpríomhghnéithe den tírdhreach seo, tá go leor lochanna agus uiscebhealaí ann, an Chanáil Ríoga ina measc, anuas ar roinnt suíomhanna ar díol spéise geolaíochta iad. Tá roinnt Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta (SACanna), Limistéar

faoi Chosaint Speisialta (SPAanna) agus Limistéar Oidhreachta Nádúrtha (NHAanna) suite laistigh den chontae, a chabhraíonn le bithéagsúlacht bheoga an Longfoirt a chosaint.

Is é aidhm an phlean seo chun taipéis shaibhir oidhreacht Chontae an Longfoirt a chosaint, a fheabhsú agus a chur chun cinn.

AIDHM PHLEAN OIDHREACHTA CHONTAE AN LONGFOIRT

Is é aidhm fhoriomlán Phlean Oidhreachta Chontae an Longfoirt chun rannpháirtíocht agus léirthuisicint oidhreacht an Longfoirt a spreagadh chun go mbaineann gach duine taitneamh as, chomh maith le cosaint na hoidhreachta a fhorbairt agus tacú leis don ghlúin amach anseo.

Is féidir a mheas gurb ionann an oidhreacht agus gnéithe dár stair agus dár dtimpeallacht chomhroinnte, a chomhdhéanann conas a mhairimid inniu. Is é an sainmhíniú a thugtar ar oidhreacht san Acht Oidhreachta, 1995:

- Tírdhreach
- Flóra
- Gnáthóga fiadhúlra
- Earraí seandálaíochta
- Earraí oidhreachta
- Uiscebhealaí intíre
- Báid bhriste
- Muirdhreacha
- Fána
- Séadchomharthaí
- Oidhreacht ailtireachta
- Geolaíocht
- Gairdíní agus páirceanna

Anuas air sin, mhol an Fóram Oidhreachta go gcuirtear gnéithe d’oidhreacht chultúrtha dholáimhsithe agus inlámhsithe a mbaineann tábhacht leo maidir le Contae an Longfoirt san áireamh, cosúil leis an méid seo a leanas:

- Stair agus forbairt shóisialta
- Ginealas,
- Logainmneacha,
- An Ghaeilge,
- Béaloideas,
- Ceardaíocht, spórt agus caitheamh aimsire,
- Oidhreacht thionsclaíoch agus iompair,
- Oidhreacht cheoil.

ÉACHTAÍ PHLEAN OIDHREACHTA CHONTAE AN LONGFOIRT 2004-2009

Ghlac Comhairle Contae an Longfoirt leis an gcéad Phlean Oidhreachta Contae i mí na Nollag 2003. Ba é príomhaidhm an phlean sin “Go mbeidh ár n-oidhreacht mar chuid den saol i measc

gach duine". Thacaigh seachtó a dó gníomh leis an aidhm seo, a chur le cúig chuspóir:

1. Ár n-oidhreacht seandálaíochta agus ailtireachta a chosaint agus a fheabhsú.
2. Spéis agus bród as cultúr an chontae a chur chun cinn.
3. Clár oideachais agus feasachta ar an oidhreacht a fhorbairt.
4. Eolas ar an oidhreacht a sholáthar atá ar fáil do chách.
5. An oidhreacht nádúrtha a chosaint agus a fheabhsú.

Leanadh leis an bplean seo a chur ar siúl go dtí gur baineadh gach ceann dá gcuspóirí amach, trí na gníomhartha a sholáthar laistigh den Phlean agus tionscadail tacaíochta a fhorbairt chun cur leis na cuspóirí seo. Sa chás gurbh fhéidir, cuireadh iad seo ar fáil don phobal trí Sheirbhís Leabharlainne an Longfoirt agus ar láithreán gréasáin Oifig Oidhreachta an Longfoirt. I measc na bpríomhthionscadal a soláthraíodh, bhí an méid seo a leanas:

- An Suirbhé ar Phortaigh an Chontae,
- An Suirbhé ar An Suirbhé ar Fháilta Sceach an Chontae,
- An Suirbhé ar Bhogaigh an Longfoirt agus Ros Comáin – Céim 1 (Suirbhé Deisce)
- Feidhmchlár uile-Éireann do ghutháin chliste a dhéanann speicis ionracha a aithint agus a thabhairt le fios.
- Iniúchtaí ar na bailiúcháin mhóra déantáin oidhreachta seandálaíochta agus cultúrtha a bhaineann le Contae an Longfoirt.
- Tionscadail taighde ar an oidhreacht thógtha, suirbhé deisce ina measc ar oidhreacht thionsclaíoch an Longfoirt; suirbhé seandálaíochta ar roinnt caisleáin Angla-Normannacha; Céim 1 de thionscadal cultúrtha idirchontae ar Chlaí na Muice Duibhe/shéadchomhartha Dhúncla.
- Pacaí oideachais théamúla scoile maidir le gnéithe tábhachtacha de stair agus oidhreacht an Longfoirt, an Chanáil Ríoga ina measc.
- Taispeántais chun feasacht a mhúscailt ar thionchair áitiúla imeachtaí domhanda, tubaiste an Titanic tubaiste agus an Chéad Chogadh Domhanda ina measc.
- Rannpháirtíocht i bpríomhghnéithe Dheich mBlia na gCuimhneachán, an cuimhneachán 100 bliain ar Éirí Amach na Cásca, Cath an Somme agus Bá an RMS Leinster, inar ghlac muintir an Longfoirt páirt agus/nó inar cailleadh iad.

Beartaíonn Plean Oidhreachta Chontae an Longfoirt 2019-2024 chun cur leis an mbunchloch a leagadh sa phlean oidhreachta deireanach chun an oidhreacht chultúrtha agus nádúrtha a chosaint agus a chur chun cinn laistigh den Longfort ar mhaithe le gach duine.

ULLMHÚ PHLEAN OIDHREACHTA CHONTAE AN LONGFOIRT 2019-2024

An Plean Oidhreachta:

Ullmhaíodh an Plean Oidhreachta i gcomhréir le treoirlínte a leag an Chomhairle Oidhreachta amach. Rinne an Fóram Oidhreachta an cinneadh in 2009 chun formáid reatha an Fhórait a choimeád agus chomhaontaigh siad chun leanúint ar aghaidh le hathbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean Oidhreachta. Tugadh cuireadh i mBealtaine 2009 do bhaill den phobal chun

aighneachtaí agus breathnóireacht a dhéanamh ar an bPlean Oidhreachta, go príomha trí nuachtlitir agus ceistneoir a tháirgeadh a cuireadh chun cinn ar leabharlann áitiúil na hOifige Oidhreachta agus Chomhairle Contae an Longfoirt agus sa líonra leabharlann áitiúil. Lean an próiseas comhairliúcháin a bheith neamhiata agus spreagadh aighneachtaí a dhéanamh i gcaitheamh thréimhse an athbhreithnithe.

Rinne an Fóram Oidhreachta athbhreithniú idir 2010 agus 2012 ar an gcéad phlean agus rinneadh an cinneadh faoi fhoráid a cheadódh cur chuige ní ba sholúbtha i leith ghníomhartha an phlean. Chuirfeadh seo ar chumas Chomhairle Contae an Longfoirt chun oiriúnú go héifeachtach d'athruithe ar an gcistiú atá ar fáil, athruithe ar an mbeartas náisiúnta agus ar theacht chun cinn saincheisteanna nua oidhreachta. Cuireadh dréacht-Phlean Oidhreachta le chéile in Eanáir 2012 chun plé a dhéanamh air leis an gCoiste Pleanála Straitéisí agus Forbartha Cultúrtha, agus rinneadh athbhreithniú cúramach ar na freagairtí a fuarthas uathu siúd. Lean an chéad Phlean Oidhreachta Contae a bheith i bhfeidhm i rith an ama seo, lena chinntiú go hiomlán gur baineadh cuspóirí an phlean seo amach.

Leanadh ar aghaidh leis an bpróiseas lenar bhain athbhreithniú a dhéanamh ar Phlean Oidhreachta Chontae an Longfoirt in 2015. Oiriúnaíodh an Plean chun na hathruithe ar rialachas áitiúil a léiriú a thit amach i Meitheamh 2013 nuair a cuireadh deireadh le Comhairlí Baile an Longfoirt agus Ghránaird. Thit comhairliúcháin phoiblí bhreise amach in 2015.

Déanfar comhairliúchán breise amach sa phróiseas comhairliúcháin le comhpháirtithe Údaráis Áitiúil, Coistí Beartais Straitéisigh, agus Líonra Rannpháirtíochta Pobail. Cuirfear comhairliúchán breise ar siúl trí cheardlanna poiblí agus trí idirchaidreamh a dhéanamh le heagraíochtaí oidhreachta agus grúpaí pobail áitiúla. I ndiaidh an phróisis chomhairliúcháin, déanfaidh agus ceadóidh an Fóram Oidhreachta aon leasuithe riachtanacha. A luaithe a chríochnaítear iad, ceadóidh agus glacfaidh Comhairle Contae an Longfoirt leis an bPlean Oidhreachta deiridh.

An Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht:

D'ullmhaigh an Dr Amanda Browne an Dréachtphlean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht thar ceann na Comhairle Oidhreachta d'Fhóram Oidhreachta Chontae an Longfoirt, i dtosach in 2007. Tá an Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht mar chuid den Phlean Oidhreachta chun cosaint agus feasacht chothrom ar oidhreacht chultúrtha agus nádúrtha Chontae an Longfoirt a sholáthar.

CUR I BHFEIDHM AN PHEAN

Cuirfidh Oifig Oidhreachta an Contae an Plean Oidhreachta i bhfeidhm trí chlár oibre bliantúil, a gcomhaontaíonn an Chomhairle Oidhreachta air, agus a gcuireann Fóram Oidhreachta Chontae an Longfoirt eolas ar fáil dó. Déanfaidh Oifigeach Oidhreachta Chontae an Longfoirt é seo a chomhordú ar bhonn laethúil. Sa chás gurb indéanta, tabharfar faoi thionscadail i gcomhoibriú le comhpháirtithe laistigh den chontae, nó le contaetha máguaird.

Lorgóidh an Oifig Oidhreachta freisin chun comhoibriú le heagraíochtaí oidhreachta agus pobail ar thionscadail a chuireann le haidhmeanna agus cuspóirí an Phlean Oidhreachta. Cuirfear na tionscadail deiridh ar fáil don phobal trí Sheirbhís Leabharlainne, Oidhreachta agus Chartlainne Chontae an Longfoirt agus ar láithreán gréasáin na hOifige Oidhreachta, sa chás gur féidir.

CUSPÓIRÍ PHLEAN OIDHREACHTA CHONTAE AN LONGFOIRT

1. Na príomh-Ghníomhartha Straitéiseacha a chur i bhfeidhm i gcaitheamh shaolré an Phlean Oidhreachta chun feasacht agus cosaint níos mó a bhaint amach ar gach gné d'oidhreacht Chontae an Longfoirt.
2. Eolas, léirthuisicint agus teacht ar oidhreacht an Longfoirt a fhorbairt trí thaighde agus nuálaíocht.
3. Cosaint agus dea-chleachtas i mbainistíocht oidhreachta a chur chun cinn laistigh den chontae.
4. Oideachas agus feasacht ar oidhreacht a chur chun cinn.
5. Tacú le heagraíochtaí agus pobail chun taitneamh inbhuanaithe a bhaint as tuath, uiscebhealaí agus oidhreacht an Longfoirt a chur chun cinn.
6. Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Chontae an Longfoirt a Chur i bhFeidhm.

Cuspóir 1: Na príomh-Ghníomhartha Straitéiseacha a chur i bhfeidhm i gcaitheamh shaolré an Phlean Oidhreachta chun feasacht agus cosaint níos mó a bhaint amach ar gach gné d'oidhreacht Chontae an Longfoirt.

- 1.1 Bunú ionad oidhreachta agus ionaid chultúir don Longfort a lorg agus tacú leis, ina gcuimsítear feidhmeanna Músaem Contae creidiúnaithe.
- 1.2 Tacú le hathghiniúint bailte agus sráidbhailte tábhachtacha laistigh de Chontae an Longfoirt agus é a chur chun cinn, Ceathrú Chamlinne (Baile an Longfoirt), Gránard agus Meathas Troim ina measc.
- 1.3 Foilseacháin páipéarbhunaithe agus ghréasánbhunaithe a chur le chéile maidir le príomhshuíomhanna agus príomhghnéithe oidhreachta an Longfoirt, agus tograí a chothú chun teacht a bheith ar na rudaí céanna.
- 1.4 Teacht ar eolas oidhreachta a fheabhsú trí láithreán gréasáin na hOifige Oidhreachta, na meáin shóisialta agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, an aip *Explore Longford*, ina measc.
- 1.5 Imeachtaí Sheachtain na hOidhreachta a chomhordú agus a fhorbairt i gcomhar le heagraíochtaí oidhreachta agus grúpaí pobail.
- 1.6 Tacú agus cabhrú le tionscadail chun bogaigh an Longfoirt a chosaint, agus feasacht agus léirthuisicint a chur chun cinn ar a luach éiceolaíochta, áineasa agus oidhreachta.
- 1.7 Tacú agus cabhrú le nuálaíochtaí a chuireann taighde agus feasacht ar ár n-oidhreacht chultúrtha agus nádúrtha chun cinn.
- 1.8 Páirt a ghlacadh i gCoiste Logainmneacha an Longfoirt de chuid Chomhairle Contae an Longfoirt.

1.9 A lorg chun rochtain chuí agus bhainistithe ar shuíomhanna oidhreachta a sholáthar, a chur chun cinn, a spreagadh agus a fheabhsú - ar nós séadchomharthaí náisiúnta agus suíomhanna oidhreachta náisiúnta - i gcomhar le páirtithe leasmhara, úinéirí talún ina measc.

1.10 Oideachas ar shamhlacha dea-chleachtais i gcosaint oidhreachta agus bainistíocht oidhreachta a shaothrú agus a chur chun cinn.

Cuspóir 2: Eolas, léirthuisicint agus teacht ar oidhrecht an Longfoirt a fhorbairt trí thaighde agus nuálaíocht.

2.1 Tacú le hoifigigh speisialtóra a sholáthar lena chinntiú go gcosnaítear oidhrecht an Longfoirt ar bhealach réamhghníomhach, chun Oifig Oidhreachta an Longfoirt a chothabháil agus Oifigeach Bithéagsúlachta agus Oifigeach Caomhantais a cheapadh ina measc, a fhad agus a bhíonn na hacmhainní riachtanacha ar fáil.

2.2 Tacú le Seirbhís Leabharlainne agus Chartlainne an Chontae agus lena mbailiúcháin.

2.3 Taispeántais phoiblí a fhorbairt ar ghnéithe d'oidhrecht an Longfoirt.

2.4 Tacú le nuálaíochtaí áitiúla agus náisiúnta chun teacht ar eolas agus suíomhanna oidhreachta, do na daoine siúd ina measc atá faoi mhíchumas.

2.5 Tacú leis an úsáid a bhaineann an pobal as an gCanáil Ríoga agus a cosáin tarraingthe mar bhealaí siúil agus rothaíochta.

2.6 Cur le heolas ar an oidhrecht chun an turasóireacht agus conairí áineasa a chruthú agus a chur chun cinn laistigh den réigiún.

2.7 Bunachair shonraí inrochtana eolas oidhreachta a fhorbairt, cleachtóirí scileanna traidisiúnta; focail agus nathanna stairiúla; ceardaíocht agus ceardaithe an Longfoirt ina measc.

2.8 *Comhoibriú le páirtithe leasmhara turasóireachta, oidhreachta agus pobail chun cabhrú le tionscnaimh nuálacha chultúrtha, oidhreachta agus éiceathurasóireachta a fhorbairt, a chuireann leis an tuiscint, an chosaint agus an caomhnú foriomlán ar oidhrecht an Longfoirt.*

2.9 A lorg chun eolas ar an oidhrecht a sholáthar i réimse níos fairsinge teangacha agus formáidí, an Ghaeilge ina measc, chun turasóireacht chultúrtha a spreagadh go dtí an contae.

2.10 Tabhairt faoi chláir thaifeadta reiligiú agus cuimhneachán agus cur leo.

2.11 Comharthaíocht eolais agus treochoimharthaíocht a fhorbairt do shuíomhanna lena mbaineann oidhrecht seandálaíochta, gheolaíochta agus nádúrtha a bhfuil teacht ag an bpobal orthu chun feabhas a chur an bhfeasacht agus ar an teacht atá ar na suíomhanna seo, i gcomhar le príomhpháirtithe leasmhara.

2.12 Bearnáí eolais a shainnithint maidir le hoidhrecht an Longfoirt agus tabhairt faoi

thionscadail chun na bearnaí siúd a líonadh.

2.13 Suirbhéireacht agus cur chun cinn a dhéanamh ar oidhreacht chultúrtha an Longfoirt, stair bhéil, stair sóisialta, logainmneacha agus béaloideas ina measc.

2.14 Tabhairt faoi shuirbhéanna ar oidhreacht thógtha agus thionsclaíoch an Longfoirt.

2.15 *Taighde ar oidhreacht eaglasta agus traidisiúin spioradálta an Longfoirt a dhéanamh agus a chur chun cinn. Tacú le suíomhanna oidhreachta spioradálta a chur chun cinn go cuí.*

2.16 Tacú le agus páirt a ghlacadh i dtaighde ar oidhreacht le heagraíochtaí comhpháirtíochta, grúpaí pobail agus daoine aonair.

2.17 Taighde breise 3ú leibhéal, iarchéime agus neamhspleách a chothú ar an oidhreacht sa Longfort agus i Lár na Tíre.

Cuspóir 3 - Cosaint agus dea-chleachtas i mbainistíocht oidhreachta a chur chun cinn laistigh den chontae

3.1 Beartais a bhaineann leis an oidhreacht a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm laistigh de Phleananna Forbartha, Pleananna Corparáideacha, Pleananna Ceantair Áitiúil, straitéisí athghiniúna agus pleananna reachtúla Chontae an Longfoirt reatha agus amach anseo.

3.2 Bheith rannpháirteach le rannóga ar fud Chomhairle Contae an Longfoirt chun comhaidhmeanna agus comhchuspóirí a bhaint amach maidir le feasacht agus cosaint ar an oidhreacht chultúrtha, thógtha agus nádúrtha.

3.3 Maoirseacht agus teorú a dhéanamh ar bheartais agus reachtaíocht oidhreachta réigiúnach, náisiúnta agus ar fud an AE a chur i bhfeidhm.

3.4 Leanúint le hathbhreithniú a dhéanamh ar agus comhairle a chur fáil ar an Taifead ar Dhéanmhais Chosanta.

3.5 Ceardlanna agus léachtaí a chur ar siúl ar chaomhnú agus cothabháil suíomhanna oidhreachta, spásanna poiblí, gnáthóga íogaire agus struchtúir stairiúla ina measc.

3.6 Comhairle a chur ar fáil ar na tionchair féideartha oidhreachta ar bhainistíocht agus measúnú riosca i gcás tuilte i gContae an Longfoirt.

3.7 Eolas agus cúnamh a chur ar fáil ar iarratais ar dheontas agus cistiú chun oidhreacht an Longfoirt a chaomhnú agus a chur chun cinn.

Cuspóir 4 - Oideachas agus feasacht ar oidhreacht a chur chun cinn.

4.1 An obair oideachais agus mhúscaillte feasachta a dhéanann Comhairle Contae an Longfoirt agus comhpháirtithe an Fhórait Oidhreachta a chur chun cinn agus tacú leis, go háirithe nuair a dhéanann siad na naisc idir gnéithe iolracha den oidhreacht, caomhnú dea-chleachtais, gníomhú ar son na haeráide, agus caighdeán na beatha, i measc rudaí eile, a thabhairt chun solais agus a chur chun cinn.

- 4.2 An úsáid a bhaintear as acmhainní oidhreachta a chur chun cinn san oideachas, go háirithe sa *Scéim Oidhreachta i Scoileanna*, pacáí oideachas seandálaíochta Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, agus pacáí oideachas oidhreachta áitiúla.
- 4.3 Leanúint le pacáí oideachas scoileanna ar ghnéithe de stair, oidhreacht chultúrtha, agus oidhreacht ailtireachta an Longfoirt a fhorbairt.
- 4.4 Tacú le himeachtaí i scoileanna i rith seachtainí feasachta, *Seachtain na Gaeilge*, *Seachtain na Bithéagsúlachta* agus *Seachtain na hEolaíochta* ina measc.
- 4.5 Tionscnaimh nuálacha agus chomhoibritheacha d'oideachas ar an oidhreacht a fhorbairt agus tacú leo, cláir oiliúna do mhúinteoirí atá bunaithe ar stair, oidhreacht chultúrtha agus nádúrtha an Longfoirt, sa chás gur féidir, agus úsáid á baint as áiseanna oidhreachta laistigh den chontae.
- 4.6 Feasacht agus oideachas ar an oidhreacht a chur chun cinn ag príomhimeachtaí áitiúla.
- 4.7 Tacú le cláir oideachais d'fheirmeoirí agus úinéirí talún ar an oidhreacht a chothabháil de réir dea-chleachtas, séadchomharthaí náisiúnta, fála a chur agus foirgnimh thraidisiúnta feirme a chaomhnú ina measc.

Cuspóir 5 - Tacú le taitneamh inbhuanaithe a bhaint as tuath, uiscebhealaí agus oidhreacht an Longfoirt.

- 5.1 Feasacht a mhúscailt ar an oidhreacht mar shócmhainn don phobal agus d'fhorbairt tuaithe; foilseacháin agus imeachtaí oidhreachta áitiúla agus pobail a spreagadh agus tacú leis, stair bhéil, logainmneacha a bhailiú agus stair áitiúil ina measc.
- 5.2 Páirt a ghlacadh i dtionscadail chun feasacht, léirthuisctint agus cosaint oidhreacht an Longfoirt a chothú: oidhreacht chultúrtha agus liteartha; oidhreacht thionsclaíoch agus iompair; stair, stair bhéil, béaloideas, oidhreacht seandálaíochta agus thógtha ina measc.
- 5.3 Seimineáir agus cainteanna a chur ar siúl ar ghnéithe na hoidhreachta do ghrúpaí pobail agus grúpaí oidhreachta áitiúla.
- 5.4 Treoir agus tacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí oidhreachta áitiúla agus pobail maidir le tionscadail oidhreachta.
- 5.5 Foinsí cistithe breise a lorg chun cuspóirí an Phlean Oidhreachta agus tionscnaimh phobalbhunaithe a chur i bhfeidhm.
- 5.6 Páirt a ghlacadh i dtionscadail agus tionscnaimh a chuireann Oifigí Oidhreachta, Údaráis Áitiúla, Tionól Réigiúnach agus gníomhaireachtaí náisiúnta ar siúl chun feasacht agus cosaint oidhreacht Lár na Tíre a chothú.
- 5.7 Teacht méadaithe ar ár n-oidhreacht nádúrtha agus chultúrtha a chur chun cinn, trí thacú le fhorbairt na líonraí siúil, rothaíochta agus uiscebhealaí, conairí, páirceanna agus suíomhanna cultúrtha laistigh den chontae. Comhairle agus treoir a sholáthar freisin ar an rochtain, an chothabháil agus léirthuisctint chuí.

6.0 Cuspóir 6 - Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Chontae an Longfoirt a Chur i bhFeidhm.

Féach Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Chontae an Longfoirt.

PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA UM BITHÉAGSÚLACHT CHONTAE AN LONGFOIRT

Is é aidhm Phlean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht an Longfoirt chun bithéagsúlacht Chontae an Longfoirt a chur chun cinn, a chosaint agus a fheabhsú.

Cuireadh Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht an Longfoirt (PGBL) le chéile chun príomhghníomhartha a shainaitheint chun oidhreacht nádúrtha an Longfoirt a chur chun cinn go héifeachtach agus chun bithéagsúlacht sa chontae a chosaint agus a fheabhsú. Is cuspóir de Phlean Oidhreachta Chontae an Longfoirt 2015-2020 chun PGBL a chur i bhfeidhm.

6.0.1 An sainmhíniú ar bhithéagsúlacht

Téarma atá i gceist le bithéagsúlacht a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar an éagsúlacht rudaí beo ar Domhan. Tá an bhithéagsúlacht bunriachtanach inár saol laethúil, agus cuireann sé á mbia go léir, go leor dár n-amhábhair agus go leor dár gcógais ar fáil dúinn. Tír í Éire ina bhfuil gnáthóga ilchineálacha: paistí de thalamh feirme, coillearnach, dumhcha, pluaiséanna, fraochmhá, talamh féaraigh, bogaigh, turlaigh, lochanna agus linnte, aibhneacha agus fuaráin, atá suite laistigh d’fhad 7,800 ciliméadar d’imeallbhord. Tá iliomad speiceas sna gnáthóga seo, agus ní thagtar ar roinnt díobh ach in Éirinn.

6.0.2 Tábhacht na bithéagsúlachta

Tháinig na horgánaigh bheo go léir ar an bpláinéad seo chun cinn i gcaitheamh na milliún bliain agus rinne siad oiriúnú dá ról ina dtimpeallacht nádúrtha. Braitheann plandaí agus ainmhithe ar a chéile ar mhaithe le marthanas. Braithimid ar an mbithéagsúlacht chun na rudaí riachtanacha go léir den bheatha a sholáthar dúinn, bia, foscadh, cógas agus seirbhísí ina measc ar nós aeir agus íonú uisce.

Nuair a dhéantar díobháil don bhithéagsúlacht nó nuair a bhaintear de, is féidir leis seo cur isteach ar chothromaíocht leochaileach an dúlra agus d’fhéadfadh seo bheith mar chúis le hiarmhairtí forleathana inár leith féin agus i leith an domhain bheo timpeall orainn. Caomhnaíonn caomhnú na bithéagsúlachta tríd an bPlean Gníomhaíochta seo a chur i bhfeidhm ár mbithéagsúlacht uathúil agus cuireann sé cosc ar chaillteanas breise na hoidhreacht nádúrtha luachmhaire seo. Ar a uain sin, rachaidh seo chun sochair an phobal i gcoitinne tríd an mbithéagsúlacht a chaomhnú chun tacú leis an tionscal turasóireachta, anuas ar fheabhas a chur ar chaighdeán na beatha dóibh siúd a chónaíonn agus oibríonn anseo.

6.0.3 Cuspóir Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht

I measc na mbagairtí atá ar an mbithéagsúlacht sa Longfort, faoi mar atá i gcodanna eile den tír, tá cailiteanas gnáthóige trí chleachtas talmhaíochta a fhorbairt agus a dhiansaothrú i measc na mbagairtí ar an mbithéagsúlacht, i measc bagairtí eile. Dearadh PGBL mar chreat chun an bhithéagsúlacht a chaomhnú ar leibhéal áitiúil. Cuirfidh sé le spriocanna náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhaint amach chun an bhithéagsúlacht a chaomhnú, agus dul i ngleic le tosaíochtaí áitiúla ag an am céanna.

Spriocanna an Phlean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht

- a) Chun cabhrú le héagsúlacht na ngnáthóg agus na speiceas atá sa Longfort, i gcomhar le príomh-chomhpháirtithe agus páirtithe leasmhara ar fud an Chontae.
- b) An t-eolas agus an fheasacht ar bhithéagsúlacht sa chontae a mhéadú trí thacú le tionscadail agus tionscnaimh agus scaipeadh eolais faoin mbithéagsúlacht a éascú agus a bhailiú.
- c) Rannpháirtíocht i saincheisteanna bithéagsúlachta a chur chun cinn i measc na n-earnálacha uile den phobal.

6.1 CUSPÓIR 1 PGBL – Acmhainní a chur i bhfeidhm lena chinntiú go gcuirtear Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Chontae an Longfoirt i bhfeidhm.

Gníomhartha

- 6.1.1 Grúpa Oibre Bithéagsúlachta a bhunú chun cabhrú le heolas a chur ar fáil ar chur i bhfeidhm PGBL.
- 6.1.3 An Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Náisiúnta a riar chun bearta praiticiúla a fhorbairt chun feabhas a chur ar bhithéagsúlacht laistigh de Chontae an Longfoirt.
- 6.1.2 Tacú le hOifigeach Bithéagsúlachta Contae a cheapadh chun PGBL a chur i bhfeidhm, agus chun comhairle chruinn a chur ar an Údarás Áitiúil agus páirtithe leasmhara maidir le saincheisteanna agus oibleagáidí dlíthiúla a bhaineann leis an mbithéagsúlacht, a fhad agus a chuirtear cistiú ar fáil.

6.2 CUSPÓIR 2 PGBL – Taighde agus caomhnú a dhéanamh ar speicis agus gnáthóga lena mbaineann tábhacht áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta sa Longfort

Gníomhartha

- 6.2.1 Tabhairt faoi iniúchtaí ar eolas atá ar fáil ar an mbithéagsúlacht agus ar ghnáthóga i gContae an Longfoirt chun bearnaí eolais a shainaithint.
- 6.2.2 Critéir a fhorbairt chun suíomhanna a shainaithint a thacaíonn le hardleibhéil Bithéagsúlachta.
- 6.2.3 Tabhairt faoi shuirbhéanna agus léarscáiliú agus suirbhéireacht gnáthóige ar ghnáthóga tábhachtacha éiceolaíochta, coillearnach, limistéir bhruachánacha agus bhogaigh agus turlaigh ina measc.
- 6.2.4 Cuspóirí agus beartais a fhorbairt chun an bhithéagsúlacht a chosaint laistigh de Chontae an Longfoirt do cháipéisí pleanála áitiúla agus réigiúnaí.
- 6.2.5 Tacú le cosaint na bithéagsúlachta ar an gCanáil Ríoga agus lena bainistíocht mar fhoinse

thaitneamhachta loingseoireachta agus éiceolaíochta.

6.2.6 A lorg chun conairí bruachánacha a fheabhsú trí bhainistíocht chuí a chur chun cinn d'inhmarthanacht fheabhsaithe ghnáthóige.

6.2.7 Cabhrú le líonraí éiceolaíochta nó 'econets' as Béarla, a shainnithint sa Longfort a dhéanann nasc le croílímistéir chaomhantais laistigh den chontae agus i gcontaetha máguaird.

6.2.8 Tacú le heagraíochtaí áitiúla agus náisiúnta chun feasacht a mhúscailt ar oidhreacht chultúrtha agus nádúrtha oidhreacht bhogaigh an Longfoirt.

6.2.9 Caomhnú phortaigh an Longfoirt, agus athshlánú lagphortaigh an Longfoirt a chur chun cinn mar chonairí bithéagsúlachta.

6.2.10 Leanúint ar aghaidh agus aird ar an Suirbhé Náisiúnta ar Thalamh Féaraigh (O'Neill *et al.* 2009) trí bhealaí praiticiúla a fhorbairt chun gnáthóga talamh féaraigh ina bhfuil saibhreas speiceas a chosaint agus a chaomhnú.

6.2.11 Bealaí praiticiúla a fhorbairt chun suíomhanna coillearnaí ar fud an chontae nach bhfuil sainithe a chaomhnú agus a chosaint.

6.2.12 Feasacht agus cosaint ar oidhreacht fála scean sa chontae a fheabhsú. Oiliúint a chur chun cinn ar a gcosaint agus a mbainistíocht.

6.2.13 Feabhas a chur ar fheasacht ar speicis thábhachtacha éin laistigh den chontae, an cruídín agus an gabhlán gaoithe ina measc, trí thabhairt faoi chlár feasachta agus tacú leo, agus cosaint agus feabhsú a ngnáthóg a chur chun cinn trí fhoilseacháin agus tionscnaimh phobalbhunaithe a tháirgeadh.

6.2.14 Feabhas a chur ar fheasacht agus cosaint ar speicis chosanta agus a ngnáthóga, an méid seo a leanas san áireamh, ach gan a bheith teoranta dó: ialtóga, an fritileán réisc, an phiardóg liathbhán agus an pollán.

6.2.15 Tacú le Coistí Bailte Slachtmhara chun a spriocanna bithéagsúlachta a bhaint amach.

6.2.16 Forbairt pleananna bainistíochta caomhnaithe a éascú do limistéir bhithéagsúlachta sna bailte agus sna sráidbhailte i gContae an Longfoirt.

6.2.17 An reachtaíocht chuí náisiúnta agus idirnáisiúnta maidir le sceitheadh isteach i lochanna/uiscebhealaí a chur i bhfeidhm.

6.2.18 Tabhairt faoi shuirbhéanna ar speicis ionracha. Straitéis bainistíochta ar speicis ionracha don Longfort a fhorbairt.

6.2.19 Na fodhlíthe cuí a chur i bhfeidhm chun srian a chur ar an úsáid a bhaintear as báid agus feithiclí scairdsciála ardchumhachta i ndobharlaigh a d'fhéadfadh cur isteach ar an bhfiadhúlra, i gcomhar le húdarais áitiúla máguaird.

6.2.20 Tacú le tionscnaimh do thaighde ar athrú agus bainistíocht aeráide, Straitéis Athraithe Aeráide Chomhairle Contae an Longfoirt ina measc.

6.3 Cuspóir 3 PGBL – Feabhas a chur ar imeascadh saincheisteanna bithéagsúlachta isteach i mbeartas agus pleanáil Údarais Áitiúil

Gníomhartha:

- 6.3.1 Oiliúint ar bithéagsúlacht a sholáthar don fhoireann agus Baill den Údarás Áitiúil.
- 6.3.2 Oiliúint a sholáthar don phríomhphearsanra agus do chonraitheoirí Údaráis Áitiúil maidir le saincheistanna bithéagsúlachta, ar nós bainistíocht fála sreach agus speiceas ionrach.

6.4 Cuspóir 4 PGBL – Dea-chleachtas a chur chun cinn i mbainistíocht agus cosaint na bithéagsúlachta**Gníomhartha:**

- 6.4.1 Eolas a tháirgeadh agus a scaipeadh maidir le dea-chleachtas do bhainistíocht na bithéagsúlachta d'úinéirí talún, eagraíochtaí pobail agus an pobal.
- 6.4.2 Cainteanna/ceardlanna agus tionscnaimh oideachais a chur ar siúl agus/nó a chur chun cinn chun dea-chleachtas a chur chun cinn laistigh de phríomhghrúpaí, Coistí Bailte Slachtmhara, grúpaí pobail agus an pobal feirmeoireachta ina measc.

6.5 Cuspóir 5 PGBL – Scaipeadh eolais faoin mbithéagsúlacht a éascú**Gníomhartha:**

- 6.5.1 Teacht ar líne a chur ar fáil ar eolas faoi thionscadail bithéagsúlachta agus tionscadail ghaolmhara, an t-eolas tacaíochta ina measc ón Dréachtphlean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht.
- 6.5.2 Gluais ainmneacha eolaíochta, coiteanna agus áitiúla gnáthóg agus speiceas a chur le chéile.
- 6.5.3 Leabharlann Léaráidí Flóra agus Fána Chomhairle Contae an Longfoirt a bhainistiú atá ar fáil do ghrúpaí áitiúla chun oidhreacht nádúrtha an Longfoirt a chur chun cinn.

6.6 Cuspóir 6 PGBL – Feasacht a mhúscailt ar bithéagsúlacht an Longfoirt agus rannpháirtíocht ann a spreagadh**Gníomhartha:**

- 6.6.1 Rannpháirtíocht sa bithéagsúlacht agus sa timpeallacht nádúrtha a mhéadú i measc scoileanna, pobal agus an phobail, agus tacú le tionscnaimh chun teacht ar an timpeallacht nádúrtha a mhéadú.
- 6.6.2 Tacú le tionscnaimh áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta chun feasacht a mhúscailt ar an mbithéagsúlacht; a chuireann teacht níos mó ar fáil ar luach bithéagsúlachta suíomhanna taitneamhachta, i gcomhar le príomhpháirtithe leasmhara. Áireofar leis seo, ach ní bheidh sé teoranta do, an Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Náisiúnta agus Plean Pailneora Uile-Éireann.

6.7 Cuspóir 7 PGBL – Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean

Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Áitiúil

Gníomh:

6.7.1 Monatóireacht rialta a dhéanamh ar an dul chun cinn a dhéantar ar chur i bhfeidhm agus éifeachtacht an Phlean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht an Longfoirt.

AGUISÍNÍ

FÓRAM OIDHREACHTA AN LONGFOIRT 2020

Eagraíocht	Ionadaí
Comhairle Contae an Longfoirt	An Comh. Turlough McGovern
	An Comh. Peggy Nolan
	An Comh. Paul Ross
Foireann Chomhairle Contae an Longfoirt	An tUasal Aoife Moore
An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra)	An tUasal Susan Moles
An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta)	An tUasal Paddy O'Donovan
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	An tUasal Jhan Crane
Teagasc	An tUasal Ciarán Beatty
Iascaigh Intíre	An tUasal Fergus Lynch
Clár Uisce an Údaráis Áitiúil	An tUasal Karen Kennedy
Uiscebhealaí Éireann	An tUasal Jean Errity
Bord na Móna	Ar Oscailt
Líonra Rannpháirtíochta Pobail Chontae an Longfoirt	An tUasal Brendan Farrell
Cumann Staire Chontae an Longfoirt	An tUasal Camilla Kelly
Grúpa Staire Leo Casey	An tUasal Paddy Egan
Coiste Turasóireachta Chontae an Longfoirt	Dympna Reilly
Acmhainní Pobail an Longfoirt Teoranta	Adrian Greene
Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann	An tUasal Andrew McHugh
Ionadaí, Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire (ASTI)/ Aontas Múinteoirí Éireann (TUI)	An tUasal William O'Meara

Aguisín II – Tástáil i leith Measúnú Oiriúnachta

Faoi Airteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga, caithfear Tástáil i leith Measúnú Oiriúnachta a dhéanamh lena dheimhniú an dóchúil go n-imreofar tionchair ar limistéir chaomhantais thábhachtacha, Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta agus Limistéir faoi Chosaint Speisialta ina measc, mar thoradh ar phleananna nó tionscadail. Áirítear leo seo Pleananna Forbartha Contae, Pleananna Ceantair Áitiúil nó aon treoirlínte pleanála réigiúnaí eile, anuas ar fhorbairtí ar leibhéal tionscadail. Rinne éiceolaí ceadúnaithe an Plean a scagadh. Tá an tuarascáil scagtha ar fáil ag longfordlibrary.ie/heritage

Aguisín III – COMHAIRLIÚCHÁN POIBLÍ

Fuarthas freagairtí, aighneachtaí agus breathnóireacht ó na grúpaí agus na daoine aonair seo a leanas i rith na gcéimeanna comhairliúcháin phoiblí nuair a bhí an Plean Oidhreachta á fhorbairt.

An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
An Chomhairle Oidhreachta
Cumann Staire Chontae an Longfoirt
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann
Fiontar Pobail Mhóta Ghránaird Teoranta
Aidan O'Hara
Keep Ireland Open
Coiste Bailte Slachtmhara an Leasa Bhric
An Coiste Níl maidir le Feirm Ghaoithe Dhoire Fhada ('No To Derryadd Windfarm Committee')
Anaclann Dúlra Ounamoun

**An lucht freastail ag cruinnithe comhairliúcháin phoiblí buail isteach ag Baile Uí Mhatháin,
Gránard, an Longfort**

Peggy Baxter
An tSiúr Maeve Brady
Nancy Carr
Dónal Farrell
Áine Fenner
Éamann McIntyre
Pat agus Derek Martin
Des Mooney
Brendan Quigley
Anne Skelly
Noeleen Walshe

Aguisín IV – Gluais Téarmaí a úsáidtear sa phlean

Plean Pailneora Uile-Éireann 2015-2020: Seo creat uile-oileáin faoi stiúir an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta agus a fhaigheann tacaíocht ó roinnt gníomhaireachtaí chun pailneoirí Éireannacha agus an tseirbhís a sholáthróidh siad amach anseo a chosaint i dteannta a chéile.

Seandálaíocht: An staidéar ar an am atá imithe thart trí iarsmaí ábhartha, lena n-áirítear déantáin agus séadchomharthaí. I measc na séadchomharthaí a dtagtar orthu i gContae an Longfoirt, tá caisleáin mhóta agus bhábhúin, túrthithe, liosanna agus dúnta cnoic, mullóga cré, cairn, ciorcail liag agus saghsanna eile nach bhfuil chomh hinfheicthe céanna a bhféadfaí teacht orthu go mór mór faoin dromchla, e.g. fulacht fiadh agus uaimheanna talún.

Limistéir Chaomhantais Ailtireachta (ACAanna): Áit, limistéar, grúpa struchtúr nó bailidhreach é Limistéar Caomhantais Ailtireachta (ACA), línte agus airdí foirgneamh san áireamh, ar díol ar leith spéise é i dtaobh cúrsaí ailtireachta, stairiúla, seandálaíochta, ealaíonta, cultúrtha, eolaíochta nó teicniúla nó a chuireann leis an léirthuisicint ar struchtúr faoi chosaint, agus ar cuspóir de phlean forbartha é a thréithe a chaomhnú (faoi mar a leagtar amach in alt 81 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú). Tá dhá ACA i gContae an Longfoirt faoi láthair - ACA Bhóthar an Bhataire i mBaile an Longfoirt agus ACA Shráidbhaile Ardach.

Carlann: Na hábhair a bhailigh agus na taifid a chruthaigh nó a fuair duine, teaghlach nó eagraíocht phoiblí nó phríobháideach, a caomhnaíodh mar gheall ar an luach nó an fhianaise bhuan atá iontu. D'fhéadfaidís bheith i réimse formáidí, formáidí scríofa, grianghrafadóireachta, léarscáileanna, íomhánna gluaiстеacha, fuaime, analógacha, digiteacha agus leictreonacha ina measc. Déanann an Carlannaí Contae cartlanna i gComhairle Contae an Longfoirt a bhainistiú.

Bithéagsúlacht: An inathraitheacht i measc orgánaigh bheo ar an domhan, an inathraitheacht laistigh de agus idir speicis, nó laistigh de agus idir éiceachórais ina measc.

Caomhnú: An gníomh ina gcuirtear cosc a chur ar rud éigin a chailleadh, a chur amú, a mhilleadh nó ar dhíobháil a dhéanamh dó, trí bhainistíocht, deisiú nó feabhsú cuí – foirgnimh, earraí nó an timpeallacht nádúrtha ina measc. Déantar measúnú i bplean caomhantais ar thábhacht na gné agus leagtar amach ann beartais chuí lena chumasú an tábhacht sin a choimeád san úsáid a bhainfead as amach anseo.

Croílimistéar Caomhantais: Limistéar ina bhfuil ardluach bithéagsúlachta, e.g. suíomh faoi chosaint.

Oidhreacht Chultúrtha: Léiriú ar na bealaí maireachtála a d'fhorbair pobal agus a tugadh anuas ó ghlúin go glúin, nósanna, cleachtais, áiteanna, earraí, léiriú ealaíonta agus luachanna ina measc. Is minic go léirítear Oidhreacht Chultúrtha mar Oidhreacht Chultúrtha Inláimhsithe nó Dholáimhsithe (ICOMOS, 2002). Áirítear le hoidhreacht inbhraite gnéithe dár n-oidhreacht chomhroinnte ar féidir linn iad a fheiceáil go fisiciúil agus lámh a leagan orthu, séadchomharthaí, earraí oidhreachta agus bithéagsúlacht ina measc. Áirítear le hoidhreacht dholáimhsithe na gnéithe neamhfhisiciúla dár n-oidhreacht nach féidir lámh a leagan orthu: traidisiúin ó bhéal, scéalta agus ceol, deasghnátha agus féilte, agus eolas agus scileanna

chun an dúlra a thuiscint, ceardaíocht thraidisiúnta a tháirgeadh agus cleachtais talmhaíochta, i measc rudaí eile.

Laghortach: Portach ar baineadh leas iomlán as ar mhaithe le baint mhóna thionsclaíoch:

Portach Réitithe: Portach inar baineadh móin; tosaíonn plandaí, toir agus crainn ag fás ar an talamh ‘réitithe’ de réir a chéile agus d’fhéadfadh forbairt teacht ar éagsúlacht shaibhir fiadhúlra ann.

Béaloideas: Creidimh thraidisiúnta, nósanna agus scéalta pobail, a thugtar anuas ó ghlúin go glúin trí scéal scéil.

Flóra agus Fána: Tagraíonn flóra do gach planda, idir phlandaí talún agus uisceacha, a fhásann go fiáin. Tagraíonn fána do gach ainmhí fiáin (idir ainmhithe talún, éanúla agus uisceacha), a fhásann go fiáin, seachas roinnt eisceachtaí.

Geolaíocht: An staidéar a dhéantar ar an Domhan ina iomláine nó go páirteach: na hábhair as a ndearnadh é, na próisis a ghníomhaíonn agus a ghníomhaigh ar na hábhair seo agus na táirgí agus na struchtúir a chruthaigh na gníomhartha siúd.

Gnáthóg: An timpeallacht éiceolaíochta ina maireann na horgánaigh agus na pobail atá inti.

An Treoir maidir le Gnáthóga: Trasúíodh an Treoir maidir le Gnáthóga ón AE (92/43/CEE) i ndlí na hÉireann i Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnáthóga Nádúrtha), 1997. Liostaítear sa treoir seo, maidir le caomhnú gnáthóg nádúrtha agus an fhána agus an fhlóra fhiáin, na suíomhanna nach mór a chosaint. Liostaítear sa treoir (Iarscríbhinn 1) na gnáthóga áirithe nach mór a chosaint trí Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta a bhunú. Liostaítear sa treoir freisin speicis (Iarscríbhinn 2), nach mór cosaint a thabhairt dóibh. Lorgaítear sa treoir chun “Natura 2000”, a líonra limistéar cosanta a bhunú ar fud an Chomhphobail Eorpaigh.

Oidhreacht: Is féidir a mheas gurb ionann an oidhreacht agus gnéithe dár stair agus dár dtimpeallacht chomhroinnte, a chomhdhéanann conas a mhairimid inniu. Is é an sainmhíniú a thugtar ar oidhreacht san Acht Oidhreachta, 1995: earraí seandálaíochta, séadchomharthaí, oidhreacht ailtireachta, flóra agus fána, tírdhreacha, gnáthóga fiadhúlra, muirdhreacha, báid bhriste, geolaíocht, gairdíní agus páirceanna oidhreachta, uiscebhealaí intíre agus earraí oidhreachta. Léirítear meas freisin sa phlean oidhreachta seo ar ghnéithe eile d’oidhreacht an Longfoirt: an stair agus forbairt shóisialta; ginealas; logainmneacha; an Ghaeilge; béaloideas; ceardaíocht, spórt agus caithimh aimsire; oidhreacht thionsclaíoch agus iompair agus oidhreacht cheoil i measc rudaí eile.

An Chomhairle Oidhreachta: Bunaíodh an Chomhairle Oidhreachta faoin Acht Oidhreachta, 1995 mar chomhlacht reachtúil. Is é a ról chun beartais agus tosaíochtaí a bheartú chun an oidhreacht náisiúnta a shainaithint, a chosaint, a chaomhnú agus a bharrfheabhsú. Tá freagracht air freisin chun spéis, oideachas, eolas agus bród as an oidhreacht náisiúnta a chur chun cinn.

An Scéim Oidhreachta sna Scoileanna: Cuirtear painéal 160 de Speisialtóir Oidhreachta ar fáil sa Scéim Oidhreachta sna Scoileanna a thugann cuairt ar bhunscoileanna ar fud na tíre, a thacaíonn le haidhmeanna agus cuspóirí luaite an churaclaim d’Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta (OSIE) agus a chuireann uirlis agus acmhainn bhreise oideachais ar fáil do mhúinteoirí.

Gairdíní agus Páirceanna Oidhreachta: Limistéir oidhreachta nádúrtha, gairdíní agus páirceanna ar díol mór spéis eolaíochta, luibheolaíochta, aeistéitiúil nó stairiúil iad na bailiúcháin phlandaí atá iontu, a ngnéithe dearaidh, a bhfoirgnimh, a suíomh, a stíl nó an bhaint atá acu, nó ina léirítear gné éigin d’fhorbairt na garraíodóireachta nó gairdíní agus páirceanna.

Earraí Oidhreachta: Earraí atá ann le breis agus 25 bliain ar saothair ealaíne nó thionscail iad (leabhair, cáipéisí agus taifid eile, taifid ghinealais san áireamh) a mbaineann tábhacht chultúrtha leo.

Oifigeach Oidhreachta: Duine atá fostaithe laistigh d’údarás áitiúil a lorgaíonn chun spéis, oideachas, eolas agus bród a chur chun cinn ar oidhreacht nádúrtha agus chultúrtha limistéar údarais áitiúil. Is éard atá sa Chlár Oifigh Oidhreachta ná comhpháirtíocht idir an Chomhairle Oidhreachta agus an tÚdarás Áitiúil.

Uiscebhealaí Intíre: Is éard atá i gceist le huiscebhealaí intíre ná canálacha, stráicí canálaithe d’aibhneacha agus lochanna, bealaí loingseoireachta in aibhneacha agus lochanna, agus a ngnéithe loingseoireachta gaolmhara.

Speicis Ionracha: Speicis phlandaí nó ainmhithe a tugadh isteach i gcríoch nua lasmuigh dá réimse nádúrtha, ach a dtagann méadú orthu. In éagmais rialuithe nádúrtha, ar nós creachadóirí nó galar, a d’fhéadfadh fadhbanna comhshaoil, sláinte nó geilleagracha a chruthú.

Tírdhreach: Suíomhanna, tírdhreacha agus gnéithe ar díol spéise áilleachta, seandálaíochta, geolaíochta, stairiúil, éiceolaíochta nó eolaíochta iad.

Limistéar Oidhreachta Nádúrtha (NHA): Cosnaíonn Limistéir Oidhreachta Nádúrtha suíomhanna lena mbaineann tábhacht fiadhúlra ar leibhéal náisiúnta. Foráiltear don bhonn reachtúil san Acht um Fhiadhúlra (Leasú), 2000 faoinar féidir na suíomhanna seo a ainmniú agus a chosaint. Tá an próiseas seo ar bun go fóill, tugtar NHAanna a bheartaítear (pNHAanna) ar na suíomhanna neamhainmnithe. Féadtar a áireamh le roinnt NHAanna freisin ainmniúcháin SAC agus SPA.

Stair ó Bhéal: Bailiú agus staidéar ar eolas stairiúil trí úsáid a bhaint as taifeadtaí ar agallaimh ina mbíonn eolas pearsanta ag daoine ar imeachtaí a tharla roimhe seo.

Struchtúir faoi Chosaint: Struchtúr, nó cuid de struchtúr, a measann údarás pleanála atá ina dhíol spéise ar leith ó thaobh dearcadh ailtireachta, stairiúil, seandálaíochta, ealaíonta, cultúrtha, eolaíochta, sóisialta nó teicniúil. Cuirtear struchtúir faoi chosaint san áireamh sa

Taifead ar Dhéanmhais Chosanta, ar liosta struchtúr é seo a chuir údarás pleanála le chéile agus a foilsíodh sa Phlean Forbartha Contae.

Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta (SAC): Príomhlimistéir chaomhantais fiadhúlra sa tír iad seo, a meastar go mbaineann tábhacht leo ar leibhéal náisiúnta agus Eorpach araon. Is é an bunús dlí faoina roghnaítear agus faoina n-ainmnítear SACanna an Treoir maidir le Gnáthóga ón AE (92/43/CEE). Trasúidh an Treoir seo i ndlí na hÉireann i Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnáthóga Nádúrtha), 1997. Liostaítear sa Treoir (Iarscríbhinn 1) gnáthóga áirithe nach mór a chosaint laistigh de SACanna. Tá liosta ann freisin (Iarscríbhinn 2) de speicis nach mór cosaint a thabhairt dóibh. Lorgaítear sa Treoir chun “Natura 2000”, a líonra limistéar cosanta a bhunú ar fud an Chomhphobail Eorpaigh, agus tá gach stát Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (SACanna) a ainmniú chun gnáthóga agus speicis a chosaint chun gnáthóga agus speicis a chosaint, agus chruthaíonn “Natura 2000”, i dteannta na Limistéar faoi Chosaint Speisialta (SPAanna) a ainmnítear faoin Treoir maidir le hÉin ón AE (79/409/CEE).

Limistéir faoi Chosaint Speisialta (SPA): Príomhlimistéir iad seo lena mbaineann tábhacht maidir le héin, ar leibhéal náisiúnta agus Eorpach araon. Leagtar sa Treoir maidir le hÉin ón AE (79/409/CEE) an bunús dlí do SPAanna, trasúidh i ndlí na hÉireann é sna Rialacháin um Chaomhnú Éanlaithe Fiáine, 1985. Ceanglaíonn sé ar bhallstáit suíomhanna a ainmniú do speicis éin arb annamh a dtagtar orthu agus atá leochaileach (a liostaítear in Iarscríbhinn 1), agus speicis imirceacha. Sa mhullach ar SACanna, cruthaíonn SPAanna an líonra uile-Eorpach, *Natura 2000* (N2K).